

Gnéithe rochtana ag Leabharlann an Chontae, Tamhlacht

Chun eolas a fháil maidir le rochtain ar Leabharlann an Chontae ar iompar poiblí, feic leathanach Leabharlann an Chontae ar láithreán gréasáin Leabharlanna Átha Cliath Theas www.southdublinlibraries.ie. Coinneofar suas chun dáta é seo maidir le hiompar poiblí a fhreastalaíonn ar an leabharlann. Tá roinnt spásanna páirceála inrochtana in aice láimhe i gcarrchlós Chomhairle Contae Átha Cliath Theas.

Is ionad atá i Leabharlann an Chontae, Tamhlacht ina bhfuil go leor acmhainní a fhreastalaíonn ar an bpobal go léir. Tá an Leabharlann tiomanta do chinntiú go bhfuil an rochtain is leithne agus is féidir ag gach ball den phobal ar a stoc agus ar a seirbhísí ar féidir leo cáilíocht beatha gach custaiméara a bhreisiú agus a fheabhsú. Áirítear anseo daoine atá faoi mhíchumas nó a bhfuil cúnamh ag teastáil uathu ó am go ham ar chúiseanna áirithe.

Foireann

Tá oiliúint faighte ag an bhfoireann i ngnéithe áirithe d'fheasacht mhíchumais agus tá siad sásta i gcónaí aon chúnamh agus is féidir leo a thabhairt chun seirbhís aonair a thabhairt do gach custaiméir sa Leabharlann.

Rochtain ar an bhFoirgneamh

Tá doirse uathoibríocha ag an dá bhealach isteach sa leabharlann. Tá rampa agus rochtain ardaitheora chuig leibhéal éagsúla do dhaoine a bhfuil soghluaisteacht teoranta acu. Tá leithreas poiblí inrochtana ann chomh maith agus cathaoir rothaí idirthurais do chustaiméirí a dteastaíonn cúnamh uathu. Tá páirceáil mhíchumais ar fáil i gcarrchlós Chomhairle Contae Átha Cliath Theas in aice láimhe. Tá ceann de na bothanna féinseirbhíse inrochtana ag cathaoir rothaí. Tá deasca seirbhíse íseal ann ar féidir le custaiméirí i gcathaoireacha rothaí a úsáid chun míreanna a thógáil amach nó a thabhairt ar ais nó ceisteanna a chur. Tá comharthaíocht tadhaill

teorach ar fáil ar urlár na talún agus ar an leibhéal uachtair. Tá closchóras lúb ionductúcháin ag an dá chuntar agus sa seomra comhdhála.

Trealamh

Scanóir agus bogearraí Kurzweil

Tugann an trealamh seo deis do chustaiméirí cáipéis priontáilte a scanadh agus dul tríd an ábhar trí chaint tháite. Tig le daoine a bhfuil lagú amhairc, disléicse nó fadhbanna léitheoireachta ginearálta acu é a úsáid.

Méarchlár agus Luchóg Oiriúnaithe

Ceadaíonn ríomhairí a bhfuil méarchlár mór agus luchóg le liathróid rollóra acu d'úsáideoirí le soghluaisteacht teoranta láimhe a mbealach a dhéanamh timpeall ar ríomhaire.

Scáileáin Tadhail

Ceadaíonn na scáileáin seo do chustaiméir ríomhaire a úsáid trí lámh a leagan ar an scáileán seachas luchóg a úsáid.

Formhéadaitheoir Cló CCTV

Méadaíonn an formhéadaitheoir seo leathanach clóite agus léirítear é ar scáileán. Is féidir an scáileán a athrú chuig pé bealach is fearr leis an duine, e.g. cló bán ar chúlra dubh, etc.

Boird Ríomhairí le Rochtain Uilíoch

Roghnaíodh ár mboird ríomhairí mar go bhfuil rochtain uilíoch acu.

Bogearraí

TTRS (Tadhall Cló Léigh Litrigh)

Is clár oiliúna ríomhaire-bhunaithe atá in TTRS atá leagtha amach go speisialta do dhaoine a bhfuil disléicse nó fadhbanna léitheoireachta

eile acu. Cuireann sé sraith cleachtaí céimnithe ar fáil a dtéann an t-úsáideoir tríothu faoi mhaoirseacht. Cuireann foireann na leabharlainne, a bhfuil oiliúint faighte acu, an clár ar fáil.

Zoomtext

Cuireann an bogearra seo ar chumas daoine a bhfuil fadhb amhairc acu téacs a mhéadú ar scáileán ríomhaire chuig pé mhéid a fheileann dóibh. Is féidir é a úsáid i gcomhar le caint tháite a léann a bhfuil ar an scáileán chomh maith.

Seirbhísí agus Stoc

Leabhair le Cló mór agus Closleabhair

Tá réimse fairsing leabhar do dhaoine fásta agus do leanaí againn i gcló mór agus closleabhair ar CD a fheilfidh do dhaoine a bhfuil laguithe cló agus deacrachtaí léitheoireachta acu. Tá closleabhair soghluaiste réamhullmhaithe ar fáil chomh maith a oibríonn cosúil le seinnteoir MP3.

Láithreán Gréasáin na Leabharlainne

De bharr go bhfuil rochtain 24 uair an chloig againn, tig le custaiméirí clárú ar líne, catalóg na leabharlainne a chuardach, ábhar leabharlainne a chur in áirithe, a gcuntas a bhainistiú, eolas a fháil maidir le himeachtaí agus cláir sna leabharlanna ar fad agus rochtain a fháil ar réimse acmhainní tagartha ar líne. Tá Leabharlanna Chontae Átha Cliath Theas tiomanta do chinntiú go bhfaigheann a láithreán gréasáin www.southdublinlibraries.ie caighdeán comhlíonta "Double-A" le Web Content Accessibility Guidelines (WCAG) 1.0 de chuid Feadhnacht an Ghréasáin Dhomhanda (W3C).

Stáisiún Íoslódála

Tá dhá stáisiún íoslódála ar féidir leat leabhair a íoslódáil chuig do sheinnteoir mp3 nó chuig léitheoir e-leabhair Sony.

Seirbhísí ar Líne

Áirítear i measc ár seirbhísí, closleabhair ar féidir a íoslódáil atá oiriúnach do dhaoine a bhfuil deacrachtaí amhairc nó léitheoireachta acu.

Seirbhís Seachadta Baile

Tig le daoine nach bhfuil in ann an teach a fhágáil le dul chuig an leabharlann an tSeirbhís Seachadta Baile a úsáid. Tabharfaidh ball foirne cuairt orthu uair sa mhí le rogha leabhar a fheileann dá suimeanna.

Socrúchán Oibre

Éascaíonn an leabharlann socrúchán oibre do dhaoine faoi mhíchumas. Pléitear riachtanais ar leith an duine roimh ré lena chinntiú go leagtar amach rudaí i gceart dóibh.

Ar Deireadh

Cuir ar an eolas muid má táimid in ann aon chúnaimh a thabhairt duit. Táimid sásta i gcónaí foghlaim le seirbhís níos fearr a chur ar fáil d'ár gcustaiméirí.